C/2023/1513

14.12.2023

Foilsiú na gcontraluachanna in airgeadra náisiúnta na dtairseach airgeadais arna sloinneadh in euro in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle

(C/2023/1513)

De bhun an cheanglais faoi Iarscríbhinn I (B) de Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ([1]) ón gComhairle, ba cheart na tairseacha airgeadais is infheidhme maidir le catagóirí áirithe earraí cultúrtha a chomhshó in airgeadraí náisiúnta na mBallstát sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu agus ba cheart iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Rinneadh na contraluachanna atá liostaithe ina dhiaidh seo a ríomh ar bhonn mheánluach laethúil gach ceann de na hairgeadraí lena mbaineann, arna shloinneadh in euro, le linn na 24 mhí dar críoch an lá deireanach de mhí Lúnasa 2023. Beidh feidhm ag na luachanna athbhreithnithe seo ón 31 Nollaig 2023.

EUR	1	15 000	30 000	50 000	150 000
BGN Lev na Bulgáire	1,9558	29 337	58 674	97 790	293 370
CZK Korune Phoblacht na Seice	24,4385	366 578	733 156	1 221 926	3 665 778
DKK Krone na Danmhairge	7,4418	111 628	223 255	372 092	1 116 277
GBP Punt steirling	0,8586	12 879	25 759	42 932	128 795
HUF Forint na hUngáire	383,1191	5 746 787	11 493 574	19 155 956	57 467 868
PLN Zloty na Polainne	4,6381	69 572	139 143	231 905	695 716
RON Leu na Rómáine	4,9357	74 036	148 072	246 786	740 359
SEK Krone na Sualainne	10,8175	162 262	324 525	540 875	1 622 624

([1]) IO L 39, 10.2.2009, lch. 1.